NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10762 – H&F / IRI)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 223/04)

1. An 24 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Hellman & Friedman Capital Partners X, L.P. agus a chistí comhthreomhara ("H&F", na Stáit Aontaithe),

— NPD Group, L.P., cuideachta phunainne faoi rialú Hellman & Friedman ("NPD", na Stáit Aontaithe),

— Information Resources, Inc. ("IRI", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh H&F rialú indíreach aonair ar IRI trí chomhaontú um chumaisc IRI le NPD de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— maidir le H&F: gnólacht cothromais phríobháidigh,

— maidir le NPD: cuideachta taighde margaidh,

— maidir le IRI: cuideachta taighde margaidh a sholáthraíonn faisnéis agus anailís thomhaltóra, cheannaitheora agus mhargaidh miondíola dírithe ar earraí pacáistithe do thomhaltóirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10762 – H&F / IRI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË